Déanaidh cuimhne, a chlanna Cuinn
[TCD 1378 (H.5.6), 197]

Tadhg (mac Dáire) Mac Brúaidedha cecinit
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Dénaidh cuímhne a chlanna Cuínn
a mhacraidh go méd bfhuluing
le hiomchar uilc is anshóigh
a ttiomchal phuirt Pharthalóin.

2 Ná cuiredh fráoch bhar bhfeirg(h)e
ná fonn déinmhe díberg(h)e
sibh tar bur gcuímhne a chlann Chuinn
fuighle na n-ám a n-abruim.

3 Ní dhiongna a ndol tar cuímhne [198]
bhar marcshlúagh bur merbuídhne
nó as lúaimneach líon bur ttionóil
a shíol úaibhreach Éiriomhóin.

4 A-taid tinóil throma ar thír
úaibh fá Bhanbha in bruaich tráichtmhín
a-táid fóibh merdhronga ar muir
’s a ndeghlonga ar chóir ccogaidh.

5 Gach ní budh dénta dhoibh sin
’s gach ní budh dúal do dhéinimh
bíodh ’nar ccuimhne (ar) muin ar muin
a shíol ar cCúinn-[n]e ó Chrúachain.

6 Cuímhnighidh mar gach cuímhne
cía an crodh dán coir comuirce
nó an tír bhiodhbadh ’na mbía soin
nó cía nach iongnadh d’argoin.

7 Cía an treabh nach oircheas d’adhnadh
nach ttuillionn bur ttrómadhbhar
cía hécht budh buan cclú ré a chur
gá crú nach dúal do dhórtadh.

8 Echt mná fhilidh nó áos gráidh [199]
ná dénaidh díadha an eadráin
drong shaor gan fhreasabhra ribh
do thaobh easúmhla ínntibh.

9 Creach eagailsi ná ollaimh
d’fhior foghla nó d’easorraidh
dá nglúais fóibh ar fhódmhuigh Breagh
fograidh dhóibh gan a dhéineamh.

10 Choidhche ná coiglidh meisi
ná mh’ionnamhail eilei-si
’na ghníomh innmháoidhimh ní fhuil
do shíol fhínnGháoidhil mh’arghuin.

11 Fograidh narub a bfholach
dá bhar n-áos báoth bhorrfadach
fosgadh ’ghár bferg-ne ní fhuil
gan mosgladh mh’fheirge oruibh.

12 Dá mbendáois díom díoghluimh cruidh

do bheanfoinn díobh ’na dheaghaidh
a-tú a n-oirdhearcas anma
oirbhertas a n-athardha.
13 [Ma?] loisgid loisgfidh misi [200]
na grúaidhe na gnúisi-si
caimhdherga ₇ táille ar ttreabh
doinnlearga áille ar n-aight[h]ead[h].
14 Mar dhubhaid d’éis a n-ádhnaidh
gach a mair dár mórchrannghail
gach grúaidh dá n-ádhnonn óm fheirg
amhdhonn ar n-úair óm fh[o?]icheird.
15 Lé a n-oighreadhaibh dá n-aithle
benfa luisne ar lasraich-ne
beanfa dé smúail an te thicc
lé grúaidh an té nach ttainig.
16 Tuigther go ttiocfa misi
ó ádhnadh na húairi-si
teacht ór n-adh[n]ui[dh]-ne ní fhuil
bert as amhdhaingne mh’fhoghuil.
17 Ní glic nach gabhann rabhadh
coir dhóibh gan ar ndóthugadh
ó tá ar chor chaomhmhaicne Chuinn
cur gach sáoraicme seachuinn.
18 O do labhras ar chloinn Chuinn [201]
inneosad d’eagla in mherbhuill
fir dhercmhálla ag drud ré ténn
a ndeaghchlanna ar fhud Éirionn.
19 Síol Eóghain aicme Chonaill
an dá órchnáoi a n-énchrobhaing
croinn dhíona cháoimhghécc ó cCóinn
gan áoinghécc díogha acht díoghluim.
20 Don freimh chédna sin chantair
síol cCatháin crú Dochartaigh
Í Ghairmleadhaigh éng a n-éing
is Í bháirrleabhuir Bháoidhill.
21 D’aicme an Chuínn-sin le cur nglíadh
Manchaigh is ógbhaidh Oirghíall
clann tShuibhne daghchlann Domhnuill
buídhne d’altrum an fhorluinn.
22 An dá Breifne ar nach búan smacht
is trí Ó Conchabhuir Connacht
Fíachrach Múaighe is Áighne ar-áon
gá cúaine as dáingne deghgháol.
23 Í Mháille as dána a ndeacraibh [202]
Í lannchorcra Fhlaithbheartaigh
fir do ghlainfhréimh chnesghlain Choínn
daighmhéin na bfhear-soin fionnuim
24 Í Mhaoileachluinn Í Mhaoil Múaidh
’s Méig Eochagáin fhéil armrúaidh
d’fhuil an ríogh échtghaircc armghlain

síol chrécht Taidhg Í Chatharnaigh.
25 Í Mhadagáin Í Mhaine
gan locadh láoi iorghaile
’s clánn dheghMháoil rathmhair Rúanaidh
neamhdháoir ndathghlain ndeghshlúagaigh.
26 Í Bhriúin tSheóla ⁊ tShionna
slóigh eachtach ó nOilealla
dróng gháolmhar na ngníomh bfhosaidh
is síol sáorghlan Seachnasaigh.
27 A ffágbhuim don druing nderghlais
ní ní (eile) acht d’eagla in éimhealtu[i]s
feadh ar sáighnis ré síol cCoínn
ní do bhríogh áighnis fhágbhoim.
28 Gion go n-iarrtha acht é d’foc[hain?] [203]
[do?]m dhíon d’fhuil Chuínn Chedchathaigh
[i]s fiú bun na gcraobh ad-clos
mo dhul sáor ar a seanchos.
29 Nár thuilliod féin ar bhfeirg-ne
náid goirtbhriatra ar nGáoidheilge
níor thuíll Cónn don ghablán gáoil
comrádh budh tróm do thatháoir.
30 Ní ar chreachadh fhiledh fúair Cónn
nert a fhoghla ar íath n-eachtronn
nó an smacht do fhúaigh fá fhiadh mBreagh
ná fúair Níall nó Art Áoinfhear.
31 Creach fhilidh mar íarradh neirt
do Chormac mhac Airt Áoinfhir
an ghécc bhúadha as bun don fréimh
ní chúala a chur ’na chaithréim.
32 Mar an gcédna nár chluinear
an eachtra an úair féchfaigher
maicne Chormuic agus Chuínn
’na maicne tromloit termuinn.
33 [...ir?] [f...aib?] foid Loga [204]
[inneall?] uilc no urbhodha
ní sheolfa an clann-sa chen[a]
dhamh-sa as eolcha a n-airrghena.